Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2021
(OR. en)

10125/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0036(COD)**

CODEC 958
CLIMA 160
ENV 457
ENER 300

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráitis ón gCoimisiún**

Linn LULUCF agus sprioc 2030

Déanann an earnáil um úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) de chuid an Aontais Eorpaigh gáis ceaptha teasa a astú agus ionsúnn sí C02 san ithir agus sa bhithmhais araon. Tá athchóiriú agus fás ár linn carbóin talaimh - an cumas C02 a ionsú trínár gcomhshaol nádúrtha amhail crainn - ríthábhachtach dár spriocanna aeráide.

Is gá dúinn slogaide linn atá ag fás chun go mbeidh an tAontas Eorpach in ann neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Is gá gníomhaíocht ghearrthéarmach shuntasach chun na treochtaí reatha a aisiompú. Measann an Teachtaireacht ón gCoimisiún *Stepping up Europe's 2030 climate ambition - Investing in a climate neutral future for the benefit of our people* [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030 - Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach ar son leas ár muintire] gur gá an treocht reatha a aisiompú agus an linn carbóin a mhéadú chuig leibhéil atá os cionn 300 milliún coibhéis tona dé-ocsaíde carbóin faoi 2030 agus measann sé gur féidir sin a dhéanamh.

Déanfaidh an Coimisiún tograí chun an Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) a athbhreithniú, i gcomhréir leis an uaillmhian sin.

Rochtain ar an gCeartas

Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar an gCeartas i gcúrsaí Comhshaoil an 25 Meitheamh 1998 (‘Coinbhinsiún Aarhus’).

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, agus a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1999 a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail in ullmhú na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus na gcomhairliúchán maidir leis na straitéisí fadtéarmacha, go dtugtar rochtain ar an gceartas don phobal lena mbaineann i gcás sárú ar oibleagáidí den sórt sin. Beidh sé sin i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil agus urraim iomlán á tabhairt do na hoibleagáidí a ghlac na Ballstáit mar pháirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus.[1]

---

[1] Féach freisin an Teachtaireacht *Improving access to justice in environmental matters in the EU and its Member States* [Rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil a fheabhsú san Aontas Eorpach agus na Ballstáit] (11854/20 - COM(2020) 643)